# Fuath gach fir fuidheall a thuaighe

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 39]

Tuileagna Ruadh Ó Maolchonaire .cc.

1 Fuath gach fir fuidheall a thuaighe,
tuig, a Fhiacha, duit is dual,
má tá nách binn libh mo labhra,
ós cionn do chinn tarla an tuagh.

2 Ní chluinim gan chlaoi ó Ghalluibh
a ngné threisi acht tusa a-mháin
d’fhéin Gaoidhiol [gá ttáim dá thuiriomh]
aoinfhear amh-áin d’fhuidheal áir.

3 Leó do múchadh meadhair Gaoidhiol,
ní gníomh aoinfhir righe rú,
scél náir ré thuiriomh is truaighe,
fuidheal áir na tuaighe thú.

4 Sliocht ríbhreathach Rosa Failghe,
lucht bronnta na mbuabholl n-óir,
ní mhair dá gclí acht clú na ndeighfhear
do-chí tú gur deireadh dóibh.

5 Sliocht oirdheirc Laoighsigh Leannmhóir,
lucht cruinnighthe ceall is cliar,
tig dá lén scaoileadh na scoile,
scél nár scaoileadh roimhe riamh.

6 Sliocht Taidhg meic Céin ó Chlár Biorra
’gá mbídís géill Ghall a nglas,
ní mhair do neart na gcraobh gcumhra
acht teacht do thaobh umhla as.

7 Cionnus tuigios tusa, a Fhiacha,
d’éis ar ionnarbais d’fhóir Ghall
[fá shíoth riamh is duilghe Danair]
nách biadh cuimhne ar fhalaidh ann?

8 Dia mór dot anacol ortha,
uabhar is cniocht chloinne Gall,
téid searg ót fhéin i n-a n-uabhar,
an chealg féin as uamhan ann.